Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2015**
**(OR. en)**

**11127/15**

**CO EUR-PREP 35**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Chomhairle Eorpach (an 15-16 Deireadh Fómhair 2015)<br>- Dréachtchlár oibre anótáilte |

*I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Eorpaí, déanfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, i ndlúthchomhar leis an gcomhalta den Chomhairle Eorpach atá mar ionadaí don Bhallstát atá i mbun Uachtaránacht na Comhairle ar feadh tréimhse sé mhí agus le hUachtarán an Choimisiúin, dréachtchlár oibre anótáilte a chur faoi bhráid na Comhairle um Ghnóthaí Ginearálta.*

*Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtchlár oibre anótáilte a chuir Uachtarán na Comhairle Eorpaí isteach, ina leagtar amach na príomhítimí a meastar go dtabharfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh orthu ag an gcruinniú thuasluaite.*

*I bhfianaise an phlé dheiridh a bheidh ag an gComhairle um Ghnóthaí Ginearálta laistigh de chúig lá roimh an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Eorpach, dréachtóidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí an clár oibre sealadach.*

o

o o

## I. AN IMIRCE

Sa bhreis ar na tograí ón gCoimisiún agus ar an obair dhian a rinneadh ag an gComhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 14 Meán Fómhair agus an 8/9 Deireadh Fómhair, beidh idirphlé suntasach ag an gComhairle Eorpach maidir le gach gné den imirce.
Sa chomhthéacs sin, breithneofar ar na hullmhúcháin do Chruinniú Mullaigh Vaileite agus ar an obair leantach ar na Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh i ndáil le comhdháil ardleibhéil maidir le bealach na mBalcán Thiar.

## II. CEISTEANNA EILE

I bhfianaise chruinniú na Comhairle Eorpaí i mí an Mheithimh 2015, déanfaidh an Chomhairle Eorpach breithniú ar an bplé a rinneadh faoin tuarascáil maidir leis an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, ar bhonn na hoibre a rinne an Chomhairle agus an Coimisiún.

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an anailís theicniúil a rinneadh tar éis an léirithe a rinne Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe ar na pleananna atá aige maidir le reifreann (istigh/amuigh) sa Ríocht Aontaithe. Déanfaidh an tUachtarán an rún atá aige, maidir leis an bpróiseas a bheidh ann amach anseo, a chur in iúl freisin.

I bhfianaise na n-imeachtaí, féadfaidh an Chomhairle Eorpach aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach.